


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** | Chliniceoir Tréidliachta Speisialaithe san Oinceolaíocht |
| **Tréimhse an Phoist:** | Buan |
| **Bainisteoir Líne:** | Príomhoifigeach nó Stiúrthóir Cliniciúil |
| **Grád:** | Gan Scála |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019164 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Julie Breen |

**Achoimre ar an bPost:**

Tá folúntas ag Ospidéal Tréidliachta UCD (UCDVH), atá mar chuid de Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, do Chliniceoir Tréidliachta Speisialaithe Buan chun tacú leis an bhfás leanúnach agus leis an leathnú straitéiseach i réimse oinceolaíochta na n-ainmhithe beaga. Tá an ceapachán faoi réir cáilíochtaí agus taithí na n-iarrthóirí.

Tá trealamh den chineál is nua-aimseartha ag Ospidéal Tréidliachta UCD, lena n-áirítear CT, MRI, ultrafhuaim, raideolaíocht idirghabhálach, ionscópacht agus artrascópacht iomlán, léasar, aonad iaidín radaighníomhach agus seomraí máinliachta agus dianchúraim lánfheistithe. I measc na dtacaíochtaí coimhdeacha tá athshlánú agus fisiteiripe. Faoi láthair, tá sé de chumas ag Rannóg na n-ainmhithe beaga freastal ar 14 Scoláire Cliniciúil/Cliniceoir Speisialtóra, lena n-áirítear cúigear speisialtóirí máinliachta, seisear speisialtóirí leighis inmheánach, beirt speisialtóirí éigeandála agus cúraim criticiúil agus speisialtóir oinceolaíochta amháin. Cuireann 10 intéirneach (ag rothlú agus atá dírithe ar dhisciplín), 9 cónaitheach agus foireann iomlán choimhdeach, cabhair ar fáil don fhoireann. Tá naisc chliniciúla ag an rannóg leis an nGrúpa Comparáideach Oinceolaíochta atá gníomhach i dtaighde ar ailse ainmhithe agus daonna.

Ní mór céim sa tréidliacht, atá inchláraithe ag Comhairle Tréidliachta na hÉireann, a bheith ag iarrthóirí nó céim speisialtóireachta, ar féidir iarratas ar chlárúchán teoranta leis an gComhairle Tréidliachta (féach www.vci.ie) a dhéanamh léi. Ba chóir don iarrthóir rathúil a bheith ina nDioplómaí de chuid an Choláiste Eorpach Leigheas Inmheánach Tréidliachta Meas-Ainmhithe (Oinceolaíocht) nó an Choláiste Meiriceánach Leigheas Oinceolaíochta Inmheánach. D'fhéadfaí Speisialtóirí RCVS san Oinceolaíocht Ainmhithe Beaga nó daoine atá tar éis cónaitheacht oinceolaíochta a thabhairt chun críche, agus atá incháilithe chun a nDioplóma a fháil go luath a chur san áireamh chomh maith.

Cuideoidh an té a cheapfar le seirbhísí oinceolaíochta cliniciúla, leastigh de UCDVH, a sholáthar. Freisin, cuirfidh siad go mór le teagasc fochéime (teagasc cliniciúil a bheidh i gceist den chuid is mó, ach beifear ag súil le léachtaí didachtacha a thabhairt ó am go chéile) agus le hoiliúint chónaitheachta iarchéime (DVMS) san oinceolaíocht tréidliachta. Meastar go mbeidh na dualgais thuasluaite comhdhéanta de thart ar 80% d'iarrachtaí an cheaptha agus an 20% eile tiomnaithe do ghníomhaíocht scolártha eile. Beidh ceannaireacht laistigh de speisialtacht na hoinceolaíochta tréidliachta i gceist leis an ról seo, rud a chabhróidh le forbairt na seirbhíse amach anseo a mhúnlú.

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú:**

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh, agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cloíonn an ollscoile le réimse polasaithe ar an gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Molaimid d'iarrthóirí breathnú ar bheartas UCD um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú anseo https://www.ucd.ie/equality/. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár

mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh

**Tuarastal: €105,000- €115,000 in aghaidgh na bliana**
Déanfar ceapachán i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**

1. **Seirbhís Oinceolaíochta Cliniciúla laistigh d'UCDVH a fheabhsú agus a chur chun cinn.**

- Seirbhís Oinceolaíochta d'Ainmhithe Beaga ar ardchaighdeán a sholáthar in UCDVH atá ag teacht lena riachtanais agus i ndlúthchomhar le riachtanais chomhghleacaithe i ndisciplíní gaolmhara
- Tuiscint ar chúrsaí praiticiúla, eiticiúla agus airgeadais a chur i bhfeidhm agus cothromaíocht maidir le cinnteoireacht i gcúram cuí do na hainmhithe sa seirbhís a léiriú.
- Ceannaireacht láidir a sholáthar laistigh den speisialtacht chliniciúil, chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus foinsí cóireálacha nua a thuiscint
- Oibriú i gcomhar leis an Stiúrthóir Cliniciúil chun forbairt straitéiseach i ndisciplín na oinceolaíochta a chinntiú
- Seirbhísí oinceolaíochta a choimeád ar an gcaighdeán is airde maidir le Sláinte & Sábháilteachta
- Páirteach sa phleanáil maidir le leathnú agus todhchaí seirbhísí d'ainmhithe beaga in UCDVH, rud a mhéadóidh ioncam agus ualach cásanna na clinice.
- Cumarsáid a dhéanamh le tréidlianna atreoraithe

2. **Teagasc Cliniciúil agus Maoirseacht**

• Teagasc cliniciúil a chur ar fáil do mhic léinn tréidliachta (fo-chéime/iarchéime) lena n-áirítear a measúnú foirmiúil

• Rannpháirtíocht ghníomhach, maoirseacht agus teagasc cliniciúil in oideachas iarchéime do mhic léinn DVMS (cónaitheoirí) atá faoi oiliúint

- Oiliúint a chur ar bhaill foirne altranais, intéirnigh agus coimhdeacha maidir le bainistiú cásanna Oinceolaíochta

- Imeachtaí a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach do chleachtóirí tréidliachta a fhorbairt agus bheith páirteach iontu

3. **Riarachán agus Forbairt Ghairmiúil**

- Freastal ar imeachtaí/ócáidí a chuireann UCD ar fail (in-tigh & seachtracha) a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach. Mar shampla, comhdhálacha, seimineáir ghréasáin, clubanna cliniciúla agus cúrsaí iarchéime
- Rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí oibre agus i gcoistí, ar mhaithe le feidhmiú rathúil na heagraíochta a chinntiú

4. **Dualgais eile a chur i gcrích de réir mar a shannann an bainisteoir líne iad, ach iad a bheith réasúnta.**

**Critéir Roghnúcháin**
Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin

Éigeantach

- Cáilíocht Altranais Tréidliachta atá inchláraithe le Comhairle Tréidliachta na hÉireann.
- Speisialtóir Tréidliachta Gníomhach Eorpach/Meiriceánach in Oinceolaíocht Ainmhithe Beaga nó incháilitheacht chun cáilíocht dá leithéid a bhaint amach gan mhoill.
- Cuntas teiste suntasach agus leanúnach ar ghnóthachtáil chliniciúil sa speisialtacht
- Tiomantas chun aidhmeanna straitéiseacha UCDVH a bhaint amach
- Tiomantas do theagasc agus foghlaim fochéime agus iarchéime
- Cumas tabhairt faoi obair foirne i suíomh comhoibríoch.
- Sárscileanna cumarsáide scríofa agus ó bhéal
- Inniúlacht ar ríomhairí, go háirithe sna córais ospidéil tréidliachta
- Cuidigh le timpeallacht chuimsitheach a chothú agus tuiscint ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- Cáilíocht Mháistreachta, PhD nó iarchéime i dteagasc cliniciúil
- Fianaise ar thograí taighde rathúla a chur i gcrích agus stair foilsitheoireachta.
- Taithí bheith ag múineadh in Ollscoil.
- Léiriú ar nuálaíocht i seachadadh seirbhísí cliniciúla
- Cuntas teiste ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnacha a sholáthar

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024:<br>Réidh don Todchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | www.ucd.ie/vetmed<br>http://www.ucd.ie/vthweb/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Carmel Mooney |
| Teideal: | Stiúrthóir - Ospidéal Tréidliachta |
| Seoladh ríomhphoist: | Carmel.Mooney@ucd.ie |
| Fón: | Ní bhaineann |